

**ATHBHREITHNIÚ NEAMHSPLEÁCH AG ABHCÓIDE SINSEARACH AR FHREAGAIRT NA ROINNE DLÍ  
AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS I LEITH IARRATAÍ AR DHOICIMÉID ÓN  
mBINSE FIOSRÚCHÁIN MAIDIR LE NOCHTADH COSANTA ARNA DHÉANAMH FAOIN ACHT UM  
NOCHTADH COSANTA, 2014 AGUS MAIDIR LE NITHE ÁIRITHE EILE (“AN BINSE UM NOCHTADH”)**

**TÉARMAÍ TAGARTHA**

1. Táthar tar éis **Michael Collins SC** a cheapadh chun athbhreithniú neamhspleách a sheoladh, agus dianscrúdú a dhéanamh, ar na cleachtais agus ar na nósanna imeachta a d’úsáid an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir lena hoibleagáidí i ndáil le doiciméid a sholáthar don Bhinse um Nochtadh.
2. Is é a bheidh i gceist leis an athbhreithniú ná breithniú a dhéanamh ar dhoiciméad i scríbhinn a ullmhóidh an Roinn faoin 21 Nollaig 2017, ar doiciméad é ina leagfar amach, agus ina míneofar, na bearta a rinneadh mar fhreagairt ar iarrataí ón mBinse um Nochtadh ar dhoiciméid, ag féachaint go háirithe d’aon orduithe a rinne an Binse, nó d’aon treoracha a thug an Binse, á cheangal doiciméid a thabhairt ar aird. Ina theannta sin, cuimseoidh an t-athbhreithniú scrúdú ar na doiciméid agus ar na taifid iomchuí go léir atá i seilbh na Roinne, mar aon le haon ábhar breise a fuarthas ó aon agallaimh le hoifigigh Roinne agus le daoine iomchuí eile, de réir mar a mheasfaidh an tAthbhreithneoir a bheith cuí. Go sonrach, déanfaidh an tAthbhreithneoir scrúdú i dtaobh cén fáth nár cuireadh ábhair ríomhphoist an 15 Bealtaine 2015, an 25 Bealtaine 2015 agus an 4 Iúil 2015 chuig an mBinse go dtí mí na Samhna 2017.
3. Comhoibreoidh an Roinn leis an Athbhreithneoir ar gach bealach is gá, lena n-áirítear rochtain a thabhairt ar dhoiciméid, ar thaifid agus ar ábhair iomchuí eile.
4. Ag deireadh an athbhreithnithe, cuirfidh an tAthbhreithneoir tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid an Taoisigh agus, sa tuarascáil sin, leagfar amach na fíorais mar a fuarthas iad, mar aon le cibé barúlacha nó tuairimí a mheasfar a bheith riachtanach, i ndáil leis na nithe seo a leanas:
  - a. Na bearta a rinne an Roinn mar fhreagairt ar gach iarraidh a cuireadh chuig an Roinn ar dhoiciméid, cibé acu ar mhodh foirmiúil nó neamhfhoirmiúil;
  - b. Na próisis agus na prótacail laistigh den Roinn ba chúis leis na bearta sin, lena n-áirítear próisis a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- i. Iarrataí ar dhoiciméid a fháil,
    - ii. Sannadh freagrachta i ndáil le freagra a thabhairt ar iarrataí den sórt sin, agus an fhreagracht sin a chur in iúl,
    - iii. Maoirsiú agus bainistiú na ndaoine a bhí freagrach as freagra a thabhairt ar iarrataí den sórt sin, lena n-áirítear aon chinntí nó aon phlé a rinneadh faoin ábhar a bhí le cur chuig an mBinse.
    - iv. Na próisis chuardaigh a úsáideadh chun doiciméid iomchuí a aimsiú, agus
    - v. Doiciméid a sholáthar don Bhinse;
  - c. Faisnéis a chur in iúl don lucht bainistíochta sinsearaí, agus faisnéis ón lucht bainistíochta sinsearaí a chur in iúl, agus cumarsáid leis an Aire maidir le freagairt na Roinne ar iarrataí ar dhoiciméid ón mBinse, lena n-áirítear athbhreithniú ar aon nótaí nó miontuairiscí iomchuí maidir le haon idirghníomhaíochtaí.
5. Féadfaidh an tAthbhreithneoir aon ábhar imní a éiríonn as na nithe sin thuas maidir leis na nithe seo a leanas a shainaithint sa tuarascáil:
- a. cleachtais agus nósanna imeachta a bhí á n-oibriú ag an Roinn i ndáil le stóráil, sainaitheint agus aisghabháil doiciméad,
  - b. próisis bhainistíochta agus mhaoirseachta maidir le hidirghníomhaíochtaí leis an mBinse sa Roinn, lena n-áirítear doiciméid a sheoladh,
  - c. faisnéis a chur in iúl laistigh den Roinn,
  - d. faisnéis a chur in iúl idir an Roinn agus an Binse,
  - e. an amhlaidh, agus an trál breise a rinneadh le déanaí, go bhfuil cuardach agus aisghabháil de chineál sách-chuimsitheach déanta ag an Roinn anois, a mhéid is indéanta, chun aon ábhar iomchuí a shainaithint don Bhinse.

Ina theannta sin, féadfaidh an tAthbhreithneoir comhairle a thabhairt i dtaobh cad iad na bearta breise, más ann, a bhféadfaí iad a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sin.

6. Déanfaidh an tAthbhreithneoir a dhícheall tuarascáil chríochnaitheach a chur faoi bhráid an Taoisigh **an 19 Eanáir 2018** nó roimhe nó ar an dáta is tuisce is féidir dá éis sin.